

❖ An Lúibín ❖

13 Aibreán 2007

Caint

Over 200,000 people in Ireland say that they speak Irish with reasonable frequency.

Tá figiúirí teanga curtha ar fáil ag an bPríomhoifig Staidrimh in Éirinn ó Dhaonáireamh 2006. Déanaimis dearmad den 1,656,790 duine a deir go bhfuil Gaeilge acu, ós uimhir gan bhunús í. Dúirt 72,148 duine go labhraíonn siad Gaeilge gach lá agus 102,861 go labhraíonn siad Gaeilge gach seachtain, agus sin lasmuigh den chóras oideachais. Ina measc tá 18,677 dalta a labhraíonn Gaeilge lasmuigh den scoil gach lá (b'fhiú a fháil amach cá mhéad acu a bhaineann le Gaelscoileanna), agus 5,772 go seachtainiúil.

Tá dream eile ann – daoine nach labhraíonn Gaeilge níos lú ná uair amháin in aghaidh na seachtaine. Agus tá na gnáthÉireannaigh ann - 412,846 duine nach labhraíonn Gaeilge riamh.

Fágann sin ceist na líofachta, ach ní thugann an Daonáireamh fúithi sin, cé go ndearraíonn sé go bhfuil níos mó Gaeilgeoirí i measc na mban ná i measc na bhfear.

Taispeánann na figiúirí go soiléir an lagú atá tagtha ar an nGaeltacht oifigiúil. Tá Gaeilge ag 62,959 duine as an 89,260 atá ina gcónaí ann, agus ní labhraíonn ach 17,613 duine acu Gaeilge gach lá. Ní dúirt ach 5,167 dalta go labhraíonn siad Gaeilge gach lá lasmuigh den scoil.

75,000 duine a thug le fios i nDaonáireamh 2001 i dTuaisceart Éireann go raibh Gaeilge acu. Tá feachtas ar siúl sa Tuaisceart ar son Achta a thabharfadh ardú céime don teanga, cé gur ábhar iaróige ag polaiteoirí Aontachtacha é. Is díol spéise é, mar sin, an tionchar a bheidh ag an gcomhréiteach nua polaitiúil ar an scéal.



Teangairí

With the influx of immigrants who speak little English, Ireland is struggling to find interpreters.

Chuirfeadh sé i gcuimhne duit an Astráil a bhí ann sula raibh acmhainní an Ilchultúrachais ar fáil. Máthair gan Bhéarla agus páiste léi ag teangaireacht di nuair ba cheart don phaiste sin a bheith ar scoil. Scéal é atá coitianta go leor in áiteanna éigin in Éirinn faoi láthair, agus an oiread sin daoine as tíortha eile ann.

Téann an tSeirbhís Chúirte i mbun na hoibre ar shlí eile. Tá comhlacht ar conradh acu chun teangaireacht a dhéanamh in os cionn dhá chéad teanga agus canúint, agus tá comhlachtaí den saghas sin ag déanamh na hoibre céanna d'fhorais eile. Ach (murab ionann is an Astráil agus an Bhreatain) níl caighdeán aitheanta ann; deirtear go bhfuil comhlachtaí áirithe ag fostú duine ar bith a bhfuil teanga eile aige agus gan cáilíochtaí ag teastáil chuige.

De réir tuairisce a rinne an *Irish Times*, eachtrannaigh iad an tríú cuid de na mná i Mountjoy (mná a ciontaíodh in importáil drugaí) agus bíonn na húdarais ag brath ar bháirdéirí áirithe nó ar na príosúnaithe féin chun teangaireacht a dhéanamh. Ní hiad na príosúin amháin a chaithfidh seiftiú dóibh féin ar an dóigh seo.

A notable Australian language activist has died.

B'as an gCeathrú Rua ó dhúchas do Dháithí Ó Colchúin, ach san Astráil a thug sé tamall maith dá shaol. Bhí sé ar an mbeagán a thug an Ghaeilge anall leo agus a rinne iarracht í a chur chun cinn anseo, agus ba mhór an chomaoin a chuir sé ar lucht na teanga i New South Wales (agus ar fud na tíre i ndáiríre) de bharr a ndearna sé.

B'fhear príobháideach é, mar a dúirt duine dá chairde, ach níor bhac sin an Colchúnach ar obair fhónta a dhéanamh i lár an aonaigh. Mar iriseoir ba mhó a bhí aithne air agus colún ón Astráil aige ar an iris *Idirlíon Beo* (www.Beo.ie) gach mí, áit ar léirigh sé i nGaeilge ghlan an dearcadh leathanaigeantach a bhí aige i leith cúrsaí sóisialta agus eile. Bhí sé le cloisteáil freisin ó am go chéile ina chraoltóir ar Chlár na Gaeilge, nuair a bhí an clár sin fós ag an tSeirbhís Speisialta Chraolacháin (SBS). Agus sin gan trácht ar an tsárobair a rinne sé ag eagrú ranganna agus ócáidí.

B'fhada tinn é, agus fuair sé bás san ospidéal i Sydney ar 10/3/07. Beannacht Dé ar a anam, agus ní maith linn trioblóid a chairde.



Piochtaigh

The Picts dominated early medieval Scotland from the third century until the ninth century AD. Their forebears were the Caledonian tribes who battled the Romans, and their identity was eventually lost in the political and cultural changes that created the Kingdom of the Scots. They left little in their own language (a Celtic tongue), but their marvellous and mysterious monuments remain.

I seanGhaeilge thugtaí *Cruithentuath* orthu - *Picti* na Laidine. Bhí pobal darbh ainm *Cruithni* le fáil in Éirinn freisin, ach is cosúil nach raibh gaol acu le Cruithne na hAlban; dá bhrí sin tabharfaimis Piochtaigh orthu siúd anseo, agus gan a fhios againn cén t-ainm a bhí orthu ina dteanga féin. Tá an domhan ar aon aigne faoi na Piochtaigh: tá siad diamhair. Nó ba chirte a rá go bhfuil diamhair ag baint le gnéithe áirithe dá saol. Pobal iad a luaitear den chéad uair sa tríú haois in Albain, agus fáisceadh iad as treibheanna forránacha ar bhuail na Rómhánaigh leo agus iad ag cur na Breataine faoina smacht.

Cuid den eolas is luaithe atá againn tagann sé ón staraí mór Sasanach Bede (673-735), a bhí ina mhanach ag Jarrow i Northumberland. Dúirt sé gurb iad na Sasanaigh, na Briotanaigh, na *Scoti* agus na Piochtaigh a bhí le fáil sa Bhreatain lena linn, agus a dteanga féin ag gach dream acu. Déanann sé tagairt don nós a bhí ag na Piochtaigh a rithe a thoghadh ar thaobh na máthar. Dúirt sé go raibh na Piochtaigh roinnte ina dhá bpobal, thuaidh agus theas; Colum Cille a scaip an tsoiscéil i measc an dreama thuaidh i lár an 6ú haois, ach d'iompaigh an pobal theas ina gCríostaithe tamall maith roimhe sin, a bhuíochas sin ar an easpag Sasanach Ninian.

Fágann sin na gnáthcheisteanna. Cad as do na Piochtaigh? Cén saghas teanga a bhí acu – teanga Cheilteach, teanga neamhInd-Eorpach nó teanga mheasctha? Cad a tharla dóibh? Cén bhrí atá leis na híomhánna is dorcha a d'fhág siad ar a gcuimhneacháin?

Ní raibh na Piochtaigh ina n-aonar in Albain sa ré iar-Rómhánach. In iardheisceart na tíre (áit a bhfuil Earraghaidheal) bhí *Scoti* Dhál Riada, ríocht a raibh a haghaidh ar Éirinn ó dheas agus a rian sin uirthi, mar a fheicfidimid. Ní léir go díreach cén bhaint a bhí aici le ríocht bheag eile darbh ainm Dál Riada i dtuaisceart na hÉireann, ach bhí droim ard garbh na sléibhte idir í agus ríocht na bPiochtach, agus dhá leath déanta den ríocht úd féin ag sléibhte eile. B'fhusa dul siar ar bord loinge ná de shiúl na gcos, agus tá leaca Piochtacha le fáil thiar ar an gcuid is faide ó thuaidh d'Inse Gall. Bhí smacht ag rithe na bPiochtach thuaidh ar Inse Orc freisin; bhí Brude mac Maelchoin ina rí ann nuair a tháinig Colum Cille, agus deir na croinicí go ndearna an naomh é a bhaisteadh: *In octavo anno regni ejus baptizatus est sancto a Columba.*

Sula raibh caint ar Phiochtaigh bhí na treibheanna sinseartha ann - Caledonii, Veniciones, Boresti agus eile. Fuair na Rómhánaigh rompu iad, agus rinne an ginearál Agricola ionradh ó thuaidh sa bhliain 79, obair a bhí ar siúl ar feadh sé bliana; rinneadh bóithre agus daingin, ach glaoth Agricola ar ais chun an Impireacht a chosaint. Tógadh Balla Haidriain agus, níos déanaí agus níos faide ó thuaidh, an Balla Antaineach; ach lean na treibheanna orthu ag creachadóireacht sa 2ú haois agus sa 3ú haois, agus ba dheacair smacht a chur orthu. Rinne na Rómhánaigh ruathar eile ó thuaidh sa bhliain 306, agus trácht á dhéanamh den chéad uair ar na Píochtaigh mar phobal iontu féin – pobal a bhí roinnte ina lán ríochtaí agus baint shinseartha acu leis na seantreibheanna: rinneadh, mar shampla, *Fir Foirtreann* den treibh a dtugtaí na Verturiones orthu.

Ní fios cén litríocht a bhí ag na Píochtaigh, cé go raibh Croinic Phíochtach ann agus leaganacha Laidine di againn ón 8ú haois agus níos déanaí. Níl aon trácht ann ar iarthar na tíre; deir leagan ón 12ú haois gur tír ar leith í Earragháidheal.

Is fada díospóireacht ann faoin teanga (nó teangacha) a bhí ag na Píochtaigh. Deir Bede go raibh Píochtais agus teanga Dhál Riada difriúil go leor lena chéile; deir an tÉireannach Adhamhnán, agus é ag scríobh bheatha Cholum Cille, gurbh éigean dó siúd feidhm a bhaint as teangaire agus é ag obair i measc na bPíochtach. Tá leid le fáil ó dhá fhoinsé: na logainmneacha is sine agus roinnt inscríbhinní. Feicimid ann teanga a bhaineann leis an dá chraobh mhóra Cheilteacha – an Q-Cheiltis (ar eascair teangacha na nGael aisti) agus an P-Cheiltis (ar eascair an Bhreatnais, an Choirnis agus an Briotáinis aisti).¹

Cuireann teangeolaithe an-suim sa logainm *Pit* (*pett* ó cheart), focal a bhfuil gaol aige le *peth* na Breatnaise. Thoir atá formhór mór na samplaí – timpeall 300 – agus a bhformhór ceangailte d'fheirmeacha. Tá a lán cuimhneachán Píochtach le fáil sna háiteanna céanna. Tá blas den Q-Cheiltise ar an dara cuid den logainm de ghnáth – *Pit meadhon*, *Pit na craoibhe*. Mar a deir an scoláire W.A. Cummins (duine de húdair is ciallmhaire a phléigh na cúrsaí seo), má dhéantar talamh slán de nár shroich an Ghaeilge an t-oirthear go dtí an 9ú haois agus nár cumadh na logainmneacha measctha seo go dtí sin, d'fhágfadh sin easpa mhór logainmneacha luatha ar an tír. Ní mór go bhfuil na cinn seo seanda go maith.

Deir cuid eolaithe go bhfuil an logainm *sliabh* chomh tearc sin gur dócha gur ainm réamhGhaeilge é, agus nach cainteoirí Gàidhlig a d'fhág é sna háiteanna iargúlta a bhfuil sé le fáil anois. In iardheisceart na tíre is mó atá sé le fáil, agus tá samplaí eile scaipthe faoi shléibhte lár na tíre. Ní dócha go dtabharfadh muintir Earragháidheil siar leo é thar na sléibhte is gairbhe in Alban. Logainm é atá ina iarsma de theanga ársa Q-Cheilteach í, agus gaol éigin aici leis an nGàidhlig dá bharr.

I ndeisceart na tíre tá an logainm Q-Cheilteach *baile* scoite amach ar an dóigh chéanna, agus é buailte i leataobh ag logainmneacha Béarla agus Briotainise. Ar an taobh eile de, tá an logainm *aber* (inbhear) coitianta san oirthear, agus gaol aige lena leithéid sa Bhreatain Bheag. Mar a deir Cummins, tá na logainmneacha á rá linn go raibh an Q-Cheiltis láidir go leor roimh theacht na Lochlannach agus Anglaigh Northumbria, in aon áit ar féidir croineolaíocht a dhéanamh amach ann. I lár na ríochta Píochtaí in oirthear na hAlban, agus laistean den Bhalla Antaineach sna ríochtaí Briotanacha, tá logainmneacha Q-Cheilteacha le fáil in éineacht le fréamhanna Briotanacha. Is deacair a dhéanamh amach cé acu í an teanga Bhriotainise nó an teanga Q-Cheiltise ba thúisce a bhí ann. Tá an oiread sin logainmneacha measctha ann, dar le Cummins, go gcaithfí go raibh eilimintí den dá theanga á n-úsáid le chéile ar feadh i bhfad.

Fágann sin fianaise na n-ainmneacha pearsanta, agus ar ámharaí an tsaoil tá ocht gcuimhneacháin Píochtacha ann a bhfuil inscríbhinní oghaim orthu. In Éirinn a cumadh an

¹ Rinneadh *C* den *Q* le himeacht aimsire: léiriú ar an difríocht atá idir an dá chraobh is ea *ceann* na Gaeilge agus *pen* na Breatnaise, agus an chiall chéanna leo beirt.

aibítir seo agus í bunaithe ar an aibítir Rómhánach, agus is díol spéise é gur scaipeadh í chomh forleathan sin – dearbhú éifeachta.

I measc na gcuimhneachán sin tá ceann ó Ghallaibh, agus a inscribhinn seo uirthi: DUVNODNNATMAQQNAHHTO... Má cheartaítear an litriú fágтар an méid seo againn: DUNODNAT MAQQ NAHTO(IN). Is é Dunodnat ainm an té atá á gcomóradh, agus ba é mac Neachtain é. Is dócha gurb ionann *maq* agus *maqi* (mic) na Gaeilge seanda, rud a thabharfadh le tuiscint gur teanga nó canúint Q-Cheilteach atá againn anseo. Bhí an t-ainm Neachtan (atá le fáil fós in Éirinn sa sloinne Ó Neachtain) ar na hainmneacha ab ansa le ríthe na bPíochtach, agus leis an bpobal trí chéile, is dócha. Le hObair-bhrothaig a bhaineann cuimhneachán eile agus an méid seo scríofa uirthi: DROSTAN IPE UORET. An t-ainm Drostan a thug dúinn *Tristan*, gan amhras; deirtear go mb'fhéidir gur mar a chéile *ipe* agus '*ic*, leagan gearr den fhoirm ghineadach *mic* atá coitianta go leor. Sa chás seo, áfach, focal P-Cheilteach a bheadh ann agus gaol aige le *map* na Breatnaise. Léiriú eile é seo, b'fhéidir, ar an meascán ba dhual don teanga seo.

D'fhéadfá a rá go raibh canúintí Q-cheilteach á labhairt ar fud na tíre i ndiaidh an chéad Mhílaois agus go ndeachaigh an Bhriotainis i bhfeidhm orthu san oirdheisceart. Teanga mheasctha a tháinig as sin, agus í á saothrú léi féin lastuaidh de na ballaí Rómhánacha, cé nár theorainn dhosháraithe iad. Maidir le teanga Dhál Riada, déarfá gur le Q-Cheiltis a bhain sí, rud a ligfeadh di dul i gcosúlacht leis an nGaeilge le himeacht aimsire.

Ghlacadh na staraithe leis gur ghabh na Gaeil Earragháidheal sa 5ú haois nó níos luaithe fós, ach anois tá claonadh ag na scoláirí chun amhras a chur sa scéal. Na traidisiúin is luaithe faoi áitiú na nGael thall baineann siad le gabháil na hAlban uile, rud nár tharla i ndáiríre. Bhí Earragháidheal faoi thiús daoine riamh, rud is léir ón tseandálaíocht; ba leor luí na tíre féin chun muintir Dhál Riada agus Gaeil na hÉireann a nascadh le chéile. Ní call dúinn dul i muinín scéalta faoi ionradh ó Éirinn chun caint agus cultúr Dhál Riada a mhíniú: bhí comhlímistéar cultúrtha riamh ann.

Glactar leis fós gur ón 'nGaeilge choitianta' a d'eascair an Ghàidhlig timpeall an 13ú haois, agus séantar go tréan gurbh fhéidir léi baint nó páirt a bheith aici le Píochtais. Mar sin féin, dá mbeadh níos mó eolais againn ar an bPíochtais b'fhéidir gurbh fhollasach go raibh a rian sin, nó rian na Q-Cheiltise dúchasaí, le haithint ar an nGàidhlig.

Rinne Bede tagairt do thábhacht an ghinealaigh mháthartha agus rí á thoghadh, agus is cinnte gur athair difriúil a luaitear le gach rí beagnach, rud a dhearbhadh gur ó thaobh na mban a d'fhaightí an choróin, cé nach luaitear ainm na máthar riamh. Níl gach scoláire sásta glacadh leis an scéal, ach is léir go mbeadh buntáiste ag baint leis an socrú sin - a lán prionsaí ar fáil i gcónaí a bheadh oiriúnach don phost. Ag na fir amháin a bhí an chumhacht tar éis an tsaoil. Sna hannálacha ní dhéantar tagairt ach d'aon bhean amháin: Eithni, iníon Chináed mac Wredach, a cailleadh sa bhliain 778.

Faoin 13ú haois bhí talamh slán déanta de go raibh an dúchas céanna ag Gaeil na hAlban agus na hÉireann, agus gurbh fhéidir ríogacht na hAlban a údarású trí í a rianú siar go bun in Éirinn féin, d'ainneoin mheath na Gàidhlig in oirthear na hAlban. Nuair a bhí Roibeard I (Roibeard de Brús), Rí na hAlban, ar a choimeád roimh na Sasanaigh sa bhliain 1306, d'iarr sé cabhair ar na hÉireannaigh i litir a rinne tagairt do chomhbhunadh an dá pobal: *ab uno processimus germine nationis*.

Johannes de Fordun (John of Fordun) a chríochnaigh *Chronica Gentis Scottorum* i seachtóidí an 14ú haois, leabhar a chuireann síos ar theacht na bPíochtach go dtí Éire agus ar an gcaoi ar ghabh siad Alba (sula dtugtaí Alba uirthi). Thug siad mná de chuid na *Scoti* ó Éirinn leo, ach dhíbir siad cairde gaoil na mban úd ó Albain ar eagla a scríosta féin. Tháinig na *Scoti* ar ais, áfach, agus anois, a deir mo dhuine, tá na Píochtaigh agus a dteanga imithe: *Quod autem*

verum non statim postea sed post mille annos expertum est quoniam gens eorum eo tempore cum lingua per eos peritus deletum est.

Ba mhaith leis na croinicthe agus eile deireadh na bPiochtach a chur i leith tubaiste chinniúnach, ar nós an 'bhua' a fuair Cináed mac Ailpín orthu san 9ú haois. Ach níl an scéal chomh simplí sin. Dealraíonn sé gur ainmneacha Piochtacha iad Cináed agus Ailpín, agus tugann na hannálacha *rex pictorum* ar na ceithre rí a tháinig ina ndiaidh, chomh maith le Cináed féin a lua mar rí an dá phobal in éineacht. B'fhada caidreamh (droch-chaidreamh minic go leor) ag an dá phobal ar a chéile, agus iad ag dul i gcosúlacht le chéile i gcónaí, is dócha, i gcúrsaí teanga agus cultúir. Bhí smacht ag na Piochtaigh ar Dhál Riada tamall san 8ú haois, agus smacht ag Dál Riada ar Fhoirtreann na bPiochtach tamall eile; tháinig an dá dhream le chéile i gcoinne na Lochlannach sa bhliain 839. Ar shlí amháin nó ar shlí eile bhí an dá phobal ag breith barróige ar a chéile. Ní aon ghníomh amháin a rinne pobal aontaithe díobh ach imeacht na haimsire. Albanaigh ba ea iad feasta, agus finscéal nua acu dá bharr faoi bhunús a gcine – scéal a thug tús áite do na Gaeil. Ba mhaith leis na hÉireannaigh féin béim a leagan ar an mbaint shinseartha a bhí ag na Piochtaigh (*Cruithnigh*) le hÉirinn agus ar an gcumas draíochta a chuirí ina leith. Mar seo a lean an scéal:

As Tír Thraigia a tháinig na Cruithnigh. Seisear dearthár a tháinig i dtosach .i. Soilean, Ulfa, Neachtan, Drostan, Aonghus, Leiteann. Ba é fáth a dteachta Policornus rí Thraigia grá a thabhairt dá deifíur agus gur fhéach sé lena fuadach gan tochra. Chuaigh siad ansin thar na Rómhánaigh chun na Fraince, áit ar thóg siad cathair a tugadh Pictavis uirthi ón bhfocal *pictis* (i.e. a n-airm). Chuaigh siad thar muir tar éis bhás an tséú deartháir, Leiteann. I gceann dhá lá ar an bhfarraige cailleadh a ndeirfiúr. Ghabh siad Inbhear Sláine in Uí Cheansalaigh, agus dúirt Criomhthann Sciathbhéil, Rí Laighean, leo go gcuirfeadh sé fáilte rompu ach Tuath Fhiodhgha, treibh Bhriotanach, a dhíothú. Treibh iad a chuireadh nimh ar a n-airm. Dúirt Drostan, draoi Cruithneach, seacht bhfichid bó bhán a bhleán san áit a bhfearfaí an cath. Rinneadh é sin; agus dá ngortófaí aon duine luifeadh sé sios sa bhainne agus bheadh sé slán ar an nimh. Maraíodh Tuatha Fhiodhgha, agus fuair na Cruithnigh an-chumhacht in Éirinn. Ansin díbríodh iad, ach tugadh mná dóibh de bhunadh na tíre. Ba é Cathluan an chéad ardrí de chuid na gCruithneach a bhí ar Albain, agus bhí seachtó rí ina dhiaidh. Ansin ghabh na Gaeil Alba.

Murar fhág na Piochtaigh leabhair ina ndiaidh d'fhág a gcuid dealbhadóirí ealaín iontach againn. Tá a gcuid cros agus cuimhneachán beo le gréas casta, le gnáthainmhithe greanta agus le hianmhithe aisteacha, le marcaigh, sealgairí agus saighdiúirí. Ealaín ar leith í, cé go gcaithfear cuimhneamh ar an anáil chultúrtha aneas. Ba mhínic Sasanaigh agus Piochtaigh ag dul in adharc a chéile, ach bhí aithne acu ar a chéile ar shlí eile freisin, go háirithe trí mheán na Críostaíochta. Sampla de sin is ea an Rí Nechtan úd a scríobh chun Ceolfrid, Ab Wearmouth agus Jarrow, sa bhliain 710, ag iarraidh eolais ar an mbealach ab fhearr chun an Cháisc Rómhánach a thabhairt isteach in ionad na Cásca Ceiltí (nach raibh a dáta ag teacht leis an gceann 'oifigiúil'), agus ag iarraidh saor cloiche air chun go dtógfaidís teampaill dó. Fuair sé na saoir agus freagra cruinn eaglasta ina dteannta, agus tógadh teampall breá cloiche. Sampla amháin é seo den bhealach a d'fhéadfadh ealaín nua teacht thar tír isteach. Tá a fhios againn go raibh na snoíodóirí Sasanacha go han-mhaith chun gréasobair agus ainmhithe aduaine lúbacha a chumadh; agus rinne na Piochtaigh á gcuid féin go hiomlán de cibé rud a tháinig chucu ar an dóigh sin.

Is é an chuid is diamhaire d'ealaín na bPiochtach, roinnt comharthaí nach bhfuil a leithéidí le fáil in aon áit eile – an scáthán, an gabhlán, corrán le slat ar dhealramh V, ainmhí an ghoib fhada agus a lán eile. Tá scrúdú maith déanta orthu, agus d'éirigh le mórán údar an diamhair a dhéanamh níos dorcha; ach le teann dianstaidéir ar na comharthaí seo agus trí úsáid a bhaint as inscríbhinní oghaim agus as a bhfuil d'eolas againn ar réim na ríthe, tháinig W.A. Cummins ar mhíniú nó ar chuid de mhíniú atá sásúil go leor, agus é ag lua (mar shampla) an bhric le Nechtan, ainmhí an ghoib fhada le hEdern (ainm a tháinig ó *Eternus* na Laidine) agus an iolair le Dunodnat. D'fhéadfadh duine ar bith a aithint ar an toirt cén rí nó uasal a bhí i gceist agus cérbh é a athair. Ba é seo nós na huaisle amháin, cé gur le fir amháin a bhain sé.

Teaghlai gh shaibhre a chuireadh na cuimhneacháin iontacha seo á snoí, agus scoth ceardaithe i mbun na hoibre.

Chuimhnigh Albanaigh an 13ú haois ar na Píochtaigh mar phobal a d'imigh as amharc gan choinne; i ndáiríre tá a sliocht ann fós. Rinneadh Albanaigh díobh de réir a chéile agus Gàidhlig ina mbéal; ach faoin 12ú haois bhí Gàidhlig ag géilleadh do Bhéarla san oirthear, agus ní raibh lorg na bPíochtach stairiúil le fáil ach sna logainmneacha agus sna híomhánna a d'fhág siad thuaidh, thoir agus theas.

♦♦♦♦♦♦♦♦♦♦

Tá neart leabhar ann i dtaobh gach gné den scéal seo, agus níl sa mhéid a leanas ach an chuid is lú dá bhfuil le fáil:

The Archaeology of Argyll, eag. Graham Ritchie, Edinburgh University Press 1997
Beyond the Brochs: changing perspectives on the later Iron Age in Atlantic Scotland, eag. Ian Armit, Edinburgh University Press 1990
Forteviot: A Pictish and Scottish Royal Centre, Nick Aitchison, Tempus 2006
The Age of the Picts, W.A. Cummins, Sutton Publishing 1995
The Picts and Their Symbols, W.A. Cummins, Sutton Publishing 1999
Pictish Sourcebook: Documents of Medieval Legend and Dark Age History, J.M.P. Calise, Greenwood Press 2002
The Irish Identity of the Kingdom of the Scots (in the Twelfth and Thirteenth Centuries), Dauvit Broun, The Boydell Press 1999

**AN 5ú SCOIL
GHEIMHRIDH
SYDNEY**

**IN ÉINEACHT LE
COMUNN GÀIDHLIG ASTRÀILIA**

**8-11 Meitheamh 2007
Chevalier Resource Centre, Kensington**

CHEVALIER RESOURCE CENTRE

Tá an lárionad ar chliathán cnoic in aice le Mainistir Naomh Pól, Kensington.
Ní mór áit a chur in áirithe gan mhoill.

Breis eolais ar fáil ó:

Marcas de Faoite,

Rúnaí na Scoile

Guthán: 02 9647 2408 Facs: 02 9672 4285 Guthán póca: 0431 732 134

Ríomhphost: markw3@iprimus.com.au

www.gaeilgesanastrail.com

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun: colger@melbpc.org.au

If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to colger@melbpc.org.au